# An tUltach agus Oirialla


## An tUltach and Oirialla

Chuir bunaitheoir *An tUltach*, an tAthair Lorcán Ua Muireadhaigh, roimhe aird a thabhairt ar oidhreacht shaibhir Ghaeilge a mhórcheantair dhúchais féin, is é sin Oirialla.


The founding editor of An tUltach, Fr. Lorcán Ua Muireadhaigh, was determined that the Irish language heritage in his own heartland of Oirialla would feature strongly in the new journal.

Ba thábhachtaí fós An tUltach mar ardán do leaganacha béil de na saothair fhiliúnta agus tá sé ina thaisce luachmhar díobh. Cuireadh na céadta amhrán pobail i gcló ann a bhí á mbailiú ón ghlúin sin de chainteoirí dúchais Gaeilge a mhair in Oirialla aimsir bhunú na hirise.

An tUltach became also an important depository for the surviving oral literary tradition of Oirialla, including hundreds of popular localised songs which were collected from the generation of local native Irish speakers that survived well into the 20th century.



An tAthair Lúcas Ó Domhnalláin



Séamas Ó Maolagáin



Nuala Ní Chatháin



Peadar Ó Dudhda



Tomás Mac Cuileannáin



Pádraig Mac Con Midhe



An tAthair Lorcán Ua Muireadhaigh

Bhí an ceantar ina thearmann léinn dhúchasaigh ón 17ú haois. Ba áit é inar bhláthaigh filí móra agus scríobhaithe. Ón tús, tiomsaíodh in An tUltach torthaí saothair an aosa litríochta, dánta agus amhráin go mór mhór. I mórán cásanna, bhí an t-ábhar á fhoilsiú den chéad uair riamh agus bhí anailís scolártha á déanamh air.

The area had a unique Gaelic literary and scribal tradition that continued unbroken from the 17th century. From the offset, An tUltach bolstered the compilation of Gaelic poetry and songs unique to Oirialla, with many being published for the very first time along with due scholarly consideration.

D'fheadfaí a rá gurbh é Oirialla an Ghaeltacht dheireanach in oirthear na tíre . Bhí gréasán gníomhach de bhreis agus fiche bailitheoir sa cheantar a bhláthaigh faoi scáth an irisleabhair: an tAthair Lorcán Ua Muireadhaigh, Seán Ó hAnnáin, Peadar Ó Dudhda, Tomás Mac Cuileannáin, Nuala Ní Chatháin, an tAthair Lúcas Ó Domhnalláin, Séamas Ó Maolagáin agus Pádraig Mac Con Midhe.

Oirialla had in effect become the last surviving Gaeltacht on the eastern seaboard and with a network of over 20 contemporary collectors, it is the following pioneering collectors, who uniquely hail from this region, and whose contribution to the journal affirm its strong association with Oirialla: Fr. Laurence Murray, John Hannon, Peadar O'Dowd, Thomas Hollywood, Fanny Kane, Fr. Luke Donnellan, James Mulligan and Paddy Mc Namee.

> *"In ainm Dé tosnuighmis. Tá an páipéur seo á chur amach againn chun glóire Dé agus onóra na hÉireann, agus ar mhaithe leis an Ghaedhilg. 'Na ndéidh siúd, badh mhaith linn lucht na Gaedhilge i gCúige Uladh agus Óirghialla a bhailiughadh le chéile in aon ghluaiseacht amháin agus ceangal daingean láidir a dhéanamh eatorra…Is ró-fhada atá ár scríbhneoirí a dheanamh a scíste. Támuinn a fógairt dóbhtha preabadh 'na suidhe agus a smaointe a dhíriughadh air obair."*
>
> Lorcán Ua Muireadhaigh
> ar an chéad eagrán de An tUltach

An tUltach
An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht
Heritage Fund